



An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Commission for Public Service Appointments

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2016

T-ÁBHAR

ÁR MISEAN	2
COMHALTAÍ DEN CHOIMISIÚN	3
RÉAMHRÁ	5
CÓID CHLEACHTAIS	6
CAIGHDEÁIN A CHOSAINT	7
GEARÁIN/IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ	11
CEADÚNÚ	20
POIST EISIATA	21

ÁR MISEAN

Go ndéantar ceapacháin chuig comhlachtaí poiblí de réir phrionsabail na cneastachta, an fhiúntais, na cothroime agus na hoscailteachta agus go mbíonn siad ag teacht leis an dea-chleachtas.

COMHALTAÍ DEN CHOIMISIÚN



An tUas. Martin Fraser, Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh agus Ard-Rúnaí an Rialtais

An tUas. Peter Tyndall, Ombudsman agus Coimisinéir Faisnéise

An tUas. Seán Ó'Fearghail T.D., An Ceann Comhairle

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe, Cathaoirleach, an Coimisiún um
Chaihdeáin in Oifigí Poiblí

An tUas. Robert Watt, Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

“Ceann de na príomhchuspóirí atá ag an gCoimisiún is ea ardleibhéal muiníne a chothú as próisis cheapacháin san earnáil phoiblí. Teastaíonn go géar uaidh go mbeadh na próisis sin ina n-eiseamláirí de phrionsabail na cneastachta, an fhiúntais, an dea-chleachtais, na cothroime agus na trédhearcachta.”

RÉAMHRÁ

Ba í an bhliain 2016 an 12ú bliain iomlán inar fheidhmigh an Coimisiún mar rialálaí earcaíochta agus roghnúcháin do phoist sa Státseirbhís, sa Gharda Síochána, i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus i roinnt comhlachtaí eile seirbhíse poiblí.

Ceann de na príomhchuspóirí atá ag an gCoimisiún is ea ardleibhéal muiníne a chothú as próisis cheapacháin san earnáil phoiblí. Teastaíonn go géar uaidh go mbeadh na próisis sin ina n-eiseamláirí de phrionsabail na cneastachta, an fhiúntais, an deachleachtais, na cothroime agus na trédhearcachta. Tá rún daingean ag an gCoimisiún a chinntiú go mbaineann na croíphrionsabail sin sprioc ar leith amach, is é sin, na hiarrthóirí is fearr is féidir a mhealladh agus a roghnú agus, ar an gcaoi sin, seirbhísí poiblí atá éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar.

Agus muinín á cothú aige as an gcóras ceapacháin, tá ról tábhachtach le himirt ag an gCoimisiún maidir le bonn a chur faoi iontaobh as na daoine a cheaptar chun poist a líonadh. Tá na próisis trína ndéantar daoine a earcú agus a roghnú chuig poist i gcomhlachtaí poiblí ríthábhachtach maidir lena chinntiú go gceaptar na hiarrthóirí is inniúla, rud a mhéadaíonn iontaobh agus muinín as institiúidí an Stáit ag an am céanna.

Agus an sainchúram atá air á chomhlíonadh aige, foilsíonn an Coimisiún Cóid Chleachtais maidir le hearcaíocht agus le roghnúchán chuig poist in eagraíochtaí earnála poiblí. Agus faireachán agus iniúchadh rialta á ndéanamh aige, déanann sé faireachán ar fheidhmíocht na sealbhóirí oifige faoina shainchúram maidir leis an dóigh a mbíonn siad ag cloí leis na Cóid sin. Déanann sé scrúdú ar ghearáin ó dhaoine aonair a mheasann gur sháraigh earcaitheoir na prionsabail arna leagan amach sa Chód le linn próiseas ceapacháin. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún treoir agus comhairle do Shealbhóirí Oifige chun tacú leo na caighdeáin arna leagan amach sna Cóid a chomhlíonadh.

Bhí an Coimisiún gnóthach arís eile i mbliana maidir le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine aonair nach raibh sásta leis an dóigh ar bainistíodh próisis cheapacháin, maidir le scrúdú a dhéanamh ar iarrataí ó eagraíochtaí Státseirbhíse baill foirne a fhostú ar chonarthaí gearrthéarmacha lasmuigh de na gnáthshocruithe earcaíochta atá bunaithe ar fhiúntas, agus maidir le hathbhreithnithe féintionscnaimh a dhéanamh ar phróisis cheapacháin in eagraíochtaí seirbhíse poiblí.

Tá an Coimisiún sásta go bhfuil an fheidhm iniúchóireachta agus imscrúdaithe gearáin atá i bhfeidhm aige óna bhunú ina meicníocht éifeachtach láidir maidir lena chinntiú gur ar bhonn fiúntais, agus tar éis próiseas cothrom, iomaíoch agus oscailte, a dhéantar ceapacháin chuig poist a thagann faoina shainchúram. Is cúis áthais don Choimisiún a thabhairt faoi deara go mbíonn formhór na gcleachtas earcaíochta agus roghnúcháin seirbhíse poiblí á seoladh de réir na gcaighdeán arna mbunú ina Chóid Chleachtais agus go mbíonn na luachanna agus na prionsabail lena sainítear fiúntas á n-urramú.

Chomh maith leis sin, ba mhaith leis an gCoimisiún a bhuíochas a chur in iúl don Rúnaíocht agus don fhoireann tacaíochta sna haonaid um Theicneolaíocht Faisnéise, Seirbhísí Corparáideacha agus Cumarsáid in Oifig an Ombudsman as an obair dhícheallach a rinne siad thar an mbliain seo a chuaigh thart.

CÓID CHLEACHTAIS

Is é ceann de na príomhfheidhmeanna atá ag an gCoimisiún na caighdeáin a bhunú agus a chosaint nach mór do dhaoine atá freagrach as an bpróiseas ceapacháin i ngach ceann de na comhlachtaí poiblí faoina shainchúram a leanúint. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ní mór don Choimisiún a chinntiú go bhfuil muinín ag an bpobal gur cothrom, cuimsitheach agus oscailte agus, thar aon rud eile, bunaithe ar fhiúntas amháin atá na próisis cheapacháin. Déantar na caighdeáin arna mbunú ag an gCoimisiún a fhoilsiú mar Chóid Chleachtais.

Leagtar amach sna Cóid freisin na nósanna imeachta nach mór dóibh siúd atá freagrach as an bpróiseas ceapacháin a leanúint agus iad ag láimhseáil gearán agus casaoidí ó iarrthóirí. Tá nósanna imeachta sonracha ann do ghearáin a bhaineann le cinneadh a théann i bhfeidhm ar rannpháirtíocht iarrthóra sa phróiseas ceapacháin. Tá nósanna imeachta ar leith ann do líomhain maidir le sárú ar an gCód.

Ba iad seo a leanas na cóid chleachtais a bhí i bhfeidhm le linn na bliana 2016¹ :

- Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí (Uimh. 01/07)
- Ceapacháin Ghearrthréimhse Éigeandála chun Post i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Uimh. 02/07)
- Daoine faoi Mhíchumas a Cheapadh chun Post sa Státseirbhís agus i gComhlachtaí Poiblí Áirithe (Uimh. 03/07)

1 D'fhoilsigh an Coimisiún Cóid Chleachtais nuashonraithe i mí an Mhárta 2017

- Ceapacháin Neamhthipiciúla chun Post sa Státseirbhís agus i gComhlachtaí Poiblí Áirithe (Uimh. 04/07)
- Ceapachán chun Post ina bhfuil Freagrachtaí Reachtúla ar Choimisinéir an Gharda (Uimh. 01/09)

Léirítear sna Cóid an rún atá ag an gCoimisiún a chinntiú go seoltar gach próiseas ceapacháin go hionraic agus go ndéantar gach cinneadh ar bhonn fiúntais. Cuirtear comhairle, agus ní saintreoracha, ar fáil iontu dóibh sin a bheidh á bhfeidhmiú. Cuireann sé sin ar chumas earcaitheoirí cur chuige nuálach solúbtha a ghlacadh i leith nósanna imeachta earcaíochta gan baint de phrionsabail an ionracais agus an fhiúntais.

Tá na caighdeáin arna mbunú ag an gCoimisiún rithábhachtach maidir le córas earcaíochta a chinntiú atá oscailte go hiomlán do luachanna amhail cothroime, comhionannas agus meas ar éagsúlacht agus maidir leis na riachtanais ghairmiúla atá le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht a chomhlíonadh. Mar chuid den tiomantas leanúnach a bhíonn aige i leith dearbhú cáilíochta, aithníonn an Coimisiún nach mór na caighdeáin sin a athbhreithniú ó am go chéile, agus nach mór iad a leasú nuair is gá, ionas go mbíonn siad ábhartha i gcónaí. Ar mhaithe leis na Cóid a nuashonrú, chuaigh sé i dteagmháil le roinnt Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí le linn na bliana 2016. Rinne sé machnamh ar aiseolas a fuarthas ó iarrthóirí freisin. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le haird a thabhairt ar aiseolas a fhaightear ó eagraíochtaí faoina shainchúram agus ó pháirtithe leasmhara eile, ar an léargas a fhaightear trí obair iniúchta agus ar an sruth ginearálta fiosruithe a fhaightear ó ranna, ó oifigí agus ó chomhlachtaí poiblí eile.

CAIGHDEÁIN A CHOSAINT

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú go ndéantar ceapacháin chuig comhlachtaí seirbhíse poiblí faoina shainchúram mar thoradh ar phróisis cheapacháin atá iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas, de réir na gcaighdeán arna leagan amach sna Cóid Chleachtais. Faoi mar atá déanta aige gach bliain ó bunaíodh sa bhliain 2004 é, comhaontaíonn an Coimisiún plean bliantúil iniúchóireachta chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais earcaíochta agus roghnúcháin atá i bhfeidhm ag eagraíochtaí ar fud na seirbhíse poiblí a thagann faoina shainchúram ar mhaithe le comhlíonadh cheanglais an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 2004 a chinntiú.

Tríd an bhfeidhm iniúchóireachta atá aige, tá clár leanúnach curtha ar bun ag an gCoimisiún chun cleachtais earcaíochta agus roghnúcháin a athbhreithniú laistigh de Ranna agus d'Oifigí. Le deich mbliana anuas, tá sé tugtha faoi deara sa phróiseas leanúnach athbhreithnithe sin go bhfuiltear ag cloí, i bhformhór na bpróiseas ceapacháin, le prionsabail na cneastachta, an fhiúntais, an dea-chleachtais, na

cothroime agus na trédhearcachta agus go bhfuil sprid na gCód Cleachtais á comhlíonadh iontu. Tá sé tugtha faoi deara ag an gCoimisiún roinnt uaireanta go bhfuil fíorthiomantas ann i measc comhlachtaí poiblí ardchaighdeáin earcaíochta chuig an tseirbhís phoiblí a bhaint amach agus a choinneáil ar bun trí iarrthóirí a roghnú agus a cheapadh ar bhonn fiúntais agus trí chleachtais oscailte iomaíocha a chur i bhfeidhm.

Le linn na bliana 2016, fuair an Coimisiún 47 n-iarraidh ar athbhreithniú faoi Alt 8 den Chód Cleachtais i gcomhair Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, rud a thug deis dó cleachtais earcaíochta agus roghnúcháin a scrúdú ar fud roinnt eagraíochtaí éagsúla. I gcás aon réimsí a sainithníodh le linn athbhreithniú den sórt sin mar réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú, pléadh iad ina dhiaidh sin leis an gcomhlacht lenar bhain d'fhonn nósanna imeachta a fheabhsú de réir na bprionsabal arna leagan amach sa Chód. Tar éis dó gníomh leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí, tá an Coimisiún sásta gur éirigh leis an eagraíocht lenar bhain aon fhadhbanna a tháinig chun cinn a shárú.

Mar aon le scrúdú a dhéanamh ar na gearáin sin, chríochnaigh an Coimisiún iniúchadh ar phróisis cheapacháin do phoist i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Ba phróisis iad sin ar bhainistigh Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge agus Ospidéal na hOllscoile, Luimneach, go háitiúil iad.

Díríodh san iniúchadh ar shampla de phróisis cheapacháin a seoladh in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge, agus in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach, le linn na bliana 2015. Ba é a bhí i gceist leis an iniúchadh scrúdú a dhéanamh ar an gcomhad comórtais do gach ceann de na próisis a roghnaíodh, mar aon le cruinnithe agus le díospóireacht le príomhphearsanra i Rannóga Acmhainní Daonna an dá Ospidéal a bhfuil freagracht orthu as earcaíocht agus as roghnúchán laistigh de gach Grúpa Ospidéal.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara i dtuarascáil an Choimisiúin maidir leis an iniúchadh:

- Is í an tSeirbhís Earcaíochta Náisiúnta (NRS) in FSS atá freagrach as seirbhísí earcaíochta a sholáthar do FSS.
- Mar gheall ar an ardlíon ceapachán a dhéantar ar fud gach seirbhíse in FSS, ní bhíonn an tSeirbhís Earcaíochta Náisiúnta in ann freagairt do riachtanais earcaíochta FSS laistigh de na hamlínte riachtanacha i ngach cás.
- Thug FSS socruithe isteach a fhágann gur féidir an ghníomhaíocht earcaíochta a dhéabhlóidiú chuig rannóga áitiúla Acmhainní Daonna nó chuig Bainisteoirí áitiúla Seirbhíse agus go bhfuil treoirínte ar fáil do bhainisteoirí áitiúla anois.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil roinnt easnamh ar na cleachtais agus ar na nósanna imeachta a bhí in úsáid agus rinneadh moltaí inti chun a chinntiú go ndéanfaí gach ceapachán chuig FSS i gcomhréir le prionsabail agus le caighdeáin an Chóid.

Moltaí

- i. *Measann an Coimisiún gur cheart socruithe rialachais níos láidre a bheith i bhfeidhm chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar baill foirne a earcú, a roghnú agus a fhostú i ngach Grúpa Ospidéal ionas gur féidir le FSS a bheith deimhin go bhfuil sí ag comhlíonadh théarmaí a ceadúnais earcaíochta. Cé go n-aithníonn sé an gá atá le hearcaíocht a dhéabhlóidiú agus na tairbhí a ghabhann leis sin, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl go soiléir gur ar FSS atá an fhreagracht as faireachán agus as rialú éifeachtach a dhéanamh ar a gníomhaíocht áitiúil earcaíochta agus roghnúcháin.*
- ii. *Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart do FSS gníomh a dhéanamh láithreach chun deireadh a chur leis an gcleachtas ina dteorannaítear comórtas dóibh sin a chuir CV gan iarraidh isteach, toisc nach mbeidh ach líon beag iarrthóirí féideartha ar an eolas go bhfuil an cleachtas sin á shaothrú ag FSS, gan trácht ar an eolas a bheidh acu ar conas a d'fhéadfadh siad spéis i gceann amháin de na poist sin a léiriú. De réir an Choimisiúin, ní hé amháin go mbaineann an cleachtas sin an bonn de roghnú de réir fiúntais, ach fágann sé FSS leochaileach i leith líomhaintí finíochais freisin. D'ainneoin na himní a bhí ar Bhainisteoirí áitiúla Acmhainní Daonna go bhféadfaí méid suntasach oibre a chruthú chun próisis earcaíochta a bhainistiú dá bhfógrófaí folúntais shealadacha, is mian leis an gCoimisiún a chur i gcuimhne do FSS go bhfuil oibleagáid uirthi iarrachtaí éifeachtacha margaíochta a úsáid chun a chinntiú go n-earcúfar iarrthóirí ón mbuíon is leithne daoine is féidir.*
- iii. *Ar mhaithe le caitheamh cothrom cothromasach iarrthóirí a chinntiú sa phróiseas earcaíochta, molann an Coimisiún:-*
 - *Go dtacófaí le gach próiseas ceapacháin le margaíocht atá soiléir, achomair agus éifeachtach arb é is aidhm di spriocdhírú ar réimse cuí iarratasóirí*
 - *Go n-úsáidfí sonraíochtaí poist/próifílí róil caighdeánacha do gach post*
 - *Go leagfadh FSS prótacail síos le haghaidh baill den bhord roghnúcháin a roghnú agus le haghaidh oiliúint agus faisnéis a chur ar fáil dóibh*
 - *Go gcuirfí critéir roghnúcháin réamhshocraithe a bhaineann leis an bpost i bhfeidhm chun iarrthóirí a mheas ag gach céim den chomórtas*
 - *Go mbunófaí próisis chun aiseolas a bhailiú agus a sholáthar agus go gcuirfí na próisis sin i bhfeidhm ansin*
 - *Go ndéanfaí grinnfhiosrúchán láidir ar iarrthóirí chun a chinntiú nach roghnófar ach iarrthóirí incháilithe*
 - *Go gcuirfí faisnéis faoi nósanna imeachta athbhreithnithe Alt 7 agus Alt 8 atá i bhfeidhm ag an gCoimisiún ar fáil do gach iarrthóir*

iv. *Molann an Coimisiún go gcuirfeadh an Stiúrtóireacht Náisiúnta Acmhainní Daonna tuilleadh ionchuir agus teorach ar fáil i ngach réimse a bhaineann le baill foirne a earcú agus a roghnú chuig FSS ar mhaithe le rialuithe níos doichte a áirithiú agus ar mhaithe lena chinntiú go nglacfaí cur chuige níos comhordaithe i leith ceapachán chuig FSS ar bhonn náisiúnta. Chabhródh sé sin lena chinntiú go nglacfaí cur chuige láidir, trédhearcach agus comhsheasmhach i leith na bpróiseas ceapacháin atá in úsáid ar fud FSS freisin.*

Molann an Coimisiún go gcuirfí oiliúint i ngach gné den phróiseas ceapacháin ar na daoine sin a bhfuil baint acu le hearcaíocht ag leibhéal áitiúil mar bheart práinne, lena n-áirítear forbheathnú ar na hearráidí coitianta a dhéantar agus iarrthóirí á measúnú agus á meas, earcaíocht agus roghnúchán den dea-chleachtas agus comhairle faoi chur chun feidhme na Nótaí Teorach agus na dTreoirínte iomchuí atá ar fáil ón tSeirbhís Earcaíochta Náisiúnta. Ní mór a chur i gcuimhne do gach ball den fhoireann earcaíochta go gcaithfeadh gach ceapachán, bíodh sé sealadach nó buan, a dhéanamh mar thoradh ar phróiseas atá cothrom, trédhearcach, iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas, de réir Chóid Chleachtais an Choimisiúin.

De bhreis ar oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le hearcaíocht agus le roghnúchán, molann an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar chumarsáid le gach Grúpa Ospidéal in FSS chun a chinntiú go gcomhroinntear go tráthúil faisnéis atá ábhartha agus cothrom le dáta faoin mbeartas náisiúnta agus faoi nósanna imeachta náisiúnta leis an bpearsanra lena mbaineann.

Cé gur cuimsíodh sa tuarascáil roinnt tuairimí diúltacha faoi na caighdeáin earcaíochta a chuir an dá fhoireann earcaíochta i bhfeidhm, bhí áthas ar an gCoimisiún a thabhairt faoi deara gur ghlac FSS lena mholtaí agus gur bhunaigh sí clár cuí gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh inti.

Athbhreithniú agus Meastóireacht

Tá an tuarascáil seo agus gach tuarascáil Iníúchta eile foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin – www.cpsa.ie – agus is féidir le Sealbhóirí Oifige iad a úsáid mar uirlis chun a mbeartais agus a gcleachtais féin a thagarmharcáil. Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh an comhlacht seirbhíse poiblí aghaidh ar aon easnaimh a sainaitníodh. Mar sin, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear na moltaí uaidh chun feidhme.

Aithníonn an Coimisiún an cúnamh agus an comhoibriú leanúnach a fhaigheann sé ó gach eagraíocht faoina shainchúram. Cé go n-aithníonn sé go mbíonn na heagraíochtaí sin faoi réir cuid mhór brúnna eile, tá an Coimisiún den tuairim go mbíonn údar le hathbhreithnithe inmheánacha a dhéanamh ar phróisis cheapacháin na gcomhlachtaí mar gheall ar na tairbhí a ghabhann leis na hathbhreithnithe sin. Chomh maith leis sin, molann an Coimisiún do gach eagraíocht iniúchadh inmheánach tréimhsiúil a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais roghnúcháin mar chuid dá bpróiseas bainistíochta riosca féin.

GEARÁIN/IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ

D'fhreagair an Coimisiún do líon suntasach fiosruithe agus gearán neamhfhoirmiúil sa bhliain 2016, mar aon le líon mór iarrataí foirmiúla ar athbhreithniú faoi Alt 8 den Chód Cleachtas. Fuair sé 47 ngearán le linn na bliana, i gcomparáid leis na 41 ghearán san iomlán a fuair sé sa bhliain 2015 – figiúr a bhí ar an líon ab airde riamh.

Rinne an Coimisiún scrúdú ar 45 ghearán sa bhliain 2016 agus tarraingíodh gearán amháin siar.

Tá an Coimisiún den tuairim gur tháinig an méadú i ngníomhaíocht gearán chun cinn mar gheall ar mhaolú an mhoratóra ar earcaíocht, agus ní mar gheall ar laghdú i gcaighdeáin. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar na gearáin sin, tá an Coimisiún sásta, tríd is tríd, go bhfuil fíorthiomantas ag Sealbhóirí Oifige ardchaighdeáin a bhaint amach agus a choinneáil ar bun agus iarrthóirí á roghnú agus á gceapadh acu chuig poist seirbhíse poiblí. Creideann an Coimisiún freisin, bunaithe ar an taithí atá aige ar ghearáin a scrúdú, go bhfuil dea-fheasacht agus dea-thuisctint ag Sealbhóirí Oifige ar a bhfreagrachtaí agus ar a n-oibleagáidí arna bhforordú sna Cóid Chleachtas.

Bhí bainistíocht gearán – idir ghearáin fhoirmiúla agus ghearáin neamhfhoirmiúla – ina ghné shuntasach d'ualach oibre an Choimisiúin arís eile le linn na bliana.

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na gearáin a ndearna an Coimisiún breithniú orthu sa bhliain 2016.

Heagraíochtaí	Gearáin
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	16
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	12
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	16
Seirbhís Thithe an Oireachtas	1

Cé gur in aghaidh FSS agus na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a rinneadh cuid mhór de na gearáin sin, tá an Coimisiún sásta go bhfuil líon na ngearán in aghaidh an dá cheann díobh réasúnta íseal i gcoibhneas le líon foriomlán na n-iarrthóirí agus le líon na gceapachán a rinne an dá chomhlacht lena mbaineann. Thug sé faoi deara freisin gur le próiseas ceapacháin amháin a bhain 15 cinn de na gearáin a ndearna sé breithniú orthu i ndáil le Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Is é a bhíonn i gceist le scrúdú ón gCoimisiún ar ghearáin ná athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar na taifid ar an bpróiseas ceapacháin agus, nuair is cuí, cruinnithe a thionól le pearsanra ábhartha. Agus é ag déileáil le gearán, is é sainchúram an Choimisiúin aghaidh a thabhairt ar na líomhaintí ón ngearánach maidir le sárúithe ar phrionsabail an Chóid.

Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar 45 ghearán, ba dheimhin leis an gCoimisiún, tríd is tríd, go raibh na Sealbhóirí Oifige lenar bhain ag cur bearta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go gclóionn siad lena gcuid freagrachtaí agus oibleagáidí, mar a leagtar síos sna Cóid Chleachtais.

Tá achoimre tugtha thíos ar roinnt de na príomhthéamaí agus de na príomhchásanna a tháinig chun cinn sa bhliain 2016:-

1. Gearán i ndáil leis an bpróiseas ceapacháin le haghaidh Príomhoifigeach Cúnta i Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Fuair an Coimisiún comhfhreagras ó 15 dhuine aonair, a rinne gearán faoin dóigh ar bhainistigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann próiseas roghnúcháin le haghaidh ghrád an Phríomhoifigigh Chúnta.

Mar chuid den phróiseas ceapacháin, tugadh do gach duine den 392 iarratasóir cuireadh chun réamhagallaimh os comhair 4 bhord agallaimh ar leith. Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na hiarrthóirí ag an réamhagallamh sin, tugadh cuireadh chun príomhagallaimh don 20 iarrthóir is fearr a tháinig os comhair gach boird agallaimh.

Chuir an gearánach imní in iúl i ndáil leis na nithe seo a leanas:-

- Cothroime agus comhsheasmhacht na mbord réamhagallaimh
- An dóigh ar chuir na boird ceistanna ar iarrthóirí chun roinnt de na hinniúlachtaí a mheas agus an dóigh ar scóráil siad iad
- An cinneadh chun an 20 iarrthóir is fearr ó gach bord roghnúcháin a thabhairt ar aghaidh
- Cáilíocht agus cineál an aiseolais

D'aithin an Coimisiún na cosaintí ar bhain Seirbhís Phríosúin na hÉireann leas astu chun a chinntiú go ndéanfaí meastóireacht ar na hiarrthóirí ar bhealach oibiachtúil, ar bhonn fiúntais agus ar shlí chothrom chomhsheasmhach. Thug sé faoi deara freisin gur chuir an tSeirbhís san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh ó athbhreithnithe an Choimisiúin ar phróisis cheapacháin roimhe seo.

Sa tuarascáil uaidh, thug an Coimisiún an méid seo a leanas faoi deara:

- D'fhostaigh an tSeirbhís speisialtóir earcaíochta chun sainchomhairle a sholáthar maidir le seoladh an phróisis (lena n-áirítear bearta chun tacú le comhsheasmhacht ó thaobh cur chuige de idir na boird roghnúcháin) agus chun faisnéis a thabhairt do na boird roghnúcháin
- Chuir an tSeirbhís méid suntasach ama agus iarrachta isteach sa phróiseas, ní amháin chun daoine iontaofa saineolacha a cheapadh chuig na boird roghnúcháin, ach chun oiliúint agus faisnéis a chur ar fáil do na baill de na boird roghnúcháin roimh na hagallaimh freisin
- Thiomsaigh an tSeirbhís na scóir ó na boird agallaimh dhifriúla agus chomhroinn sí na scóir sin i measc na mbord
- Rinne an tSeirbhís baill foirne a bhfuil taithí acu ar acmhainní daonna a shannadh go randamach chuig na boird agallaimh dhifriúla le haghaidh na n-agallamh, agus é mar aidhm acu tacú leis na boird agallaimh cur chuige comhsheasmhach a sholáthar i leith ceisteanna a chur ar iarrthóirí agus i leith meastóireacht a dhéanamh orthu

D'aithin an Coimisiún freisin gurb am-íditheach agus dian ar acmhainní atá próisis earcaíochta agus roghnúcháin. Aithníonn sé a dhúshlánaí atá sé 392 iarrthóir a chur faoi agallamh ar bhealach cothrom comhsheasmhach agus a chinneadh cé na hiarrthóirí ar fiú tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu. Mhol an Coimisiún go ndéanadh Seirbhís Phríosúin na hÉireann iniúchadh ar an dóigh a bhféadfadh sí modheolaíochtaí scagtha a bhaineann leis an bpost a thabhairt isteach d'fhonn laghdú a dhéanamh ar líon na n-iarrthóirí dá dtugtar cuireadh chun agallaimh.

Cé gur thug sé faoi deara na dúshláin atá ag baint le hagallaimh oibiachtúla chomhsheasmhacha a reáchtáil do bhuíon iarrthóirí chomh mór sin, chinn an Coimisiún go raibh córais láidre i bhfeidhm ag an tSeirbhís agus go raibh na gníomhartha a rinne sé chun céim an réamhagallaimh a bhainistiú ar aon dul leis an dea-chleachtas do phróisis den sórt sin.

2. Líomhaintí nach raibh ag baill den bhord roghnúcháin an t-eolas, an taithí ná an oiliúint a theastaíonn chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarrthóirí ar ról.

Fuair an Coimisiún gearáin faoi na cinntí a rinne Sealbhóir Oifige i ndáil leis an mballraíocht de bhord roghnúcháin. Bhí na gearánaigh den tuairim nach raibh ag an mbord roghnúcháin an t-eolas, an taithí ná an oiliúint a theastaíonn chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí don phost lena mbaineann. Ní raibh siad sásta ach oiread leis an dóigh ar cuireadh oiliúint ar an mbord roghnúcháin ná leis an bhfaisnéis a tugadh dó chun iarrthóirí a ghearrliostú agus a chur faoi agallamh le haghaidh ról speisialaithe sinsearach.

Thug an Coimisiún faoi deara gur thionóil an Sealbhóir Oifige bord roghnúcháin triúir a chuimsigh beirt bhall foirne sinsearach agus saineolaí seachtrach amháin. Chuir an Sealbhóir Oifige faisnéis chúlra ar fáil don Choimisiún faoin mbeirt fhostaithe a roghnaigh sé le fónamh ar an mbord agallaimh agus thug sé achoimre ghairid ar an mball seachtrach den bhord roghnúcháin dó. Thug an Sealbhóir Oifige don Choimisiún freisin na doiciméid a d'úsáid sé chun an bord roghnúcháin a ullmhú dá chuid oibre, lena áiríodh an treoir a tairgeadh don bhord roimh phróiseas an ghearrliostaithe. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, bhí an Coimisiún sásta den chuid ba mhó gur thug an Sealbhóir Oifige cúram agus aird a bhí cuí agus é ag roghnú ball den bhord roghnúcháin ag a bhfuil eolas maith ar riachtanais an phoist. Bhí sé sásta freisin go ndearna an Eagraíocht is Earcaitheoir bearta cuí maidir le faisnéis a thabhairt do bhaill den bhord roghnúcháin faoin gcur chuige ba cheart a ghlacadh agus an próiseas roghnúcháin á réachtáil aici.

Mar sin féin, thug an Coimisiún faoi deara gurbh amhlaidh, mar gheall ar chineál an-sinsearach speisialaithe an phoist, nach bhféadfadh ach líon an-bheag d'fhostaithe an tSealbhóra Oifige suí ar an mbord agallaimh.

Aithníonn sé go dtiocfaidh dúshláin roimh Shealbhóirí Oifige maidir le baill inmheánacha de bhoird ag a bhfuil dóthain saineolais a fháil i leibhéal chomh sinsearach sin, go háirithe nuair atáthar ag líonadh post i réimsí an-speisialaithe. Sa chás seo, mhol an Coimisiún go bhfiosródh an Sealbhóir Oifige na roghanna eile a bhí ar fáil dó agus é ag roghnú ball de bhoird le haghaidh post den chineál céanna sa todhchaí, lena n-áirítear an meascán idir baill inmheánacha agus baill sheachtracha de bhoird a athrú.

3. Líomhaintí nach raibh cinneadh an bhoird roghnúcháin bunaithe ar chritéir oibiachtúla ach, ina ionad sin, gur léirigh sé (i) claontacht ar thaobh na mball den bhord roghnúcháin (ii) tiomantas d'iarrthóirí seachtracha a cheapadh ionas nach mbeadh ar an Sealbhóir Oifige próiseas ceapacháin nua a thionscnamh chun an folúntas inmheánach iarmhartach a líonadh.

Le linn na bliana 2016, rinne an Coimisiún breithniú ar ghearáin ó cheathrar iarrthóirí i ndáil le dhá phróiseas ar leith. Chreid na hiarrthóirí sin go raibh siad ní b'oiriúnaí dá gcheapadh ná na hiarrthóirí a cheapadh ar deireadh. D'áitigh duine de na hiarrthóirí gur cheart do bhall ar leith den bhord roghnúcháin é féin a scaoileadh ón bpróiseas ar an mbonn nach bhféadfadh sé bheith neamhchlaon ná oibiachtúil sa mheasúnú uaidh toisc go raibh argóint réasúnta teasaí aige leis an iarrthóir roinnt blianta roimhe sin. D'áitigh na hiarrthóirí eile – a bhí fostaithe ag an Sealbhóir Oifige lena mbaineann – go raibh an Sealbhóir Oifige ag iarraidh ón tús ceapachán seachtrach a dhéanamh toisc nach mbeadh sé lena leas próiseas ceapacháin eile a sheoladh dá gceapfaí duine de

na hiarrthóirí sin. Chuir na gearánaigh imní in iúl go raibh ról ag ceann a n-aonaid ar an mbord roghnúcháin. Ba le róil theicniúla ghairmiúla a bhain na próisis cheapacháin sin agus bhí líon an-íseal iarrthóirí i gceist leo.

Sa dá chás, ghlac an Coimisiún leis go mbíonn sé an-deacair baint a sheachaint idir iarrthóirí agus baill den bhord, go háirithe le haghaidh róil theicniúla ghairmiúla inar gnách go mbíonn líon fíoríseal daoine ann is féidir a cheapadh chuig an mbord roghnúcháin. Ghlac sé leis freisin go dtarlaíonn sé ó am go ham go mbíonn an bainisteoir líne atá freagrach as feidhmíocht aonaid ar leith páirteach sa bhord roghnúcháin do phoist ina aonad féin. Scrúdaigh an Coimisiún na cosaintí a bhí i bhfeidhm ag an Sealbhóir Oifige chun tacú le measúnú atá oibiachtúil, a bhaineann leis an bpost agus atá bunaithe ar fhiúntas a dhéanamh ar na hiarrthóirí. Scrúdaigh sé freisin na bearta sonracha a bhí i bhfeidhm chun déileáil leis na rioscaí a bhaineann le baint idir iarrthóirí agus baill den bhord. Thug sé an méid seo a leanas faoi deara sa dá chás:-

- Ní raibh an Cathaoirleach ar an mbord roghnúcháin ina bhall den Oifig;
- Sna doiciméid a cuireadh ar fáil don bhord, leagadh béim ar an ngá atá ann le cinntí a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh i láthair le linn an phróisis roghnúcháin agus tugadh treoir dó maidir le déanamh amhlaidh;
- Moladh do na baill den bhord roghnúcháin aon bhaint a bhí acu le haon duine de na hiarrthóirí a dhearbhu;
- Sa chás gurbh ann d'aon bhaint den sórt sin, spreagadh do na baill eile den bhord an díospóireacht a threorú maidir le hiarrthóirí sonracha.

Bunaithe ar an scrúdú a rinne sé ar na gearáin, bhí an Coimisiún sásta go raibh cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm ag an Sealbhóir Oifige. Níor seasadh leis na gearáin dá bharr sin. Chinn sé nár ghníomhaigh an Sealbhóir Oifige go míchuí maidir le ról ar an mbord a thabhairt don duine a raibh argóint theasaí aige le hiarrthóirí roinnt blianta roimhe sin.

Thug an Coimisiún faoi deara freisin gurbh amhlaidh, beag beann ar an gcreideamh a bhí acu go raibh sé socraithe ag an Sealbhóir Oifige ceapachán seachtrach a dhéanamh, nár sholáthair duine ar bith den triúr iarrthóirí aon fhianaise chun tacú lena líomhaintí. Dá réir sin, mheas an Coimisiún nach raibh sna líomhaintí sin ach tuairimíocht nó tuairimí gan bhunús ar thaobh na ngearánach. Chinn sé nárbh fhiú tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar na líomhaintí sin. Ina theannta sin, thug sé fógra do na gearánaigh gur cuireadh droch-chuma orthu nuair a chuir siad líomhaintí gan fianaise isteach agus gur cheart dóibh aird a choinneáil ar a n-iompar féin. Dúirt sé ansin nár cheart do ghearánaigh líomhaintí míchothroma nó líomhaintí gan bhunús a dhéanamh, go háirithe sa chás go gcaitheann na líomhaintí sin amhras ar ionracas daoine atá páirteach i seoladh an phróisis.

4. Gearáin maidir le gearrliostú

Le linn na bliana 2016, lean an Coimisiún le gearáin a fháil maidir leis an dóigh a ndearna bord roghnúcháin meastóireacht ar iarrthóirí le linn próiseas gearrliostaithe.

Bhí siad seo a leanas i measc na saincheisteanna a tharraing Gearánaigh anuas:-

- Níor léiríodh cineál an ról go leordhóthanach leis na critéir roghnúcháin a chuir an bord roghnúcháin i bhfeidhm
- Bhí an bord roghnúcháin éagórach agus neamh-chomhsheasmhach agus cinntí á ndéanamh aige agus níor thug sé sách airde ar a raibh in iarratas an iarrthóra
- Níor léiríodh scileanna an iarrthóra leis na scóir a bhronn an bord roghnúcháin air/ uirthi
- Níor tugadh míniú ceart san aiseolas a cuireadh ar fáil ar an mbunús leis an gcinneadh a rinneadh
- Seachas athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas an iarrthóra i bhfianaise na gcritéir oibiachtúil, rinne an bord roghnúcháin an t-iarratas a thagarmharcáil in aghaidh iarratas na n-iarrthóirí eile
- Ní raibh aon mhéadracht oibiachtúil ar fáil chun tacú leis an dóigh a ndearna an bord roghnúcháin meastóireacht ar na hiarrthóirí

Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na gearáin sin agus ar ghearáin eile, rinne an Coimisiún scrúdú ar an tsraith cosaintí a úsáideann Sealbhóirí Oifige chun tacú le meastóireacht atá cothrom, comhsheasmhach agus oibiachtúil a dhéanamh ar iarrthóirí.

i. **Sonraíocht faoin bPost agus faoin bPearsa**

Measann an Coimisiún gur gné lárnach de gach próiseas ceapacháin is ea cur síos ar an bpost agus sonraíocht faoin bpearsa atá ullmhaithe go cuí a bheith ann. Tá sé ag súil leis gur ag gach Sealbhóir Oifige a bheidh cur síos faoin bpost agus sonraíochtaí faoin bpearsa atá sách láidir agus ina sainithnítear dualgais agus freagrachtaí an ról agus an t-eolas, an taithí, na scileanna agus na tréithe pearsanta a theastaíonn. Is féidir le hiarrthóir ar an ról a bheith ag súil leis go dtástálfar é/í in aghaidh na sonraíochta faoin bpost agus faoin bpearsa le linn próiseas ceapacháin.

Agus scrúdú á dhéanamh aige ar ghearáin, is gnách go n-iarrann an Coimisiún ar an Sealbhóir Oifige sonraí a chur ar fáil faoi na nithe seo a leanas: (i) cén uair a ullmhaíodh an cur síos ar an bpost agus an tsonraíocht faoin bpearsa agus conas a ullmhaíodh iad, (ii) cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iad a athbhreithniú nó a nuashonrú le déanaí, agus (iii) conas a rinneadh an tsonraíocht faoin bpost agus faoin bpearsa a bhreithniú agus a cheadú laistigh den eagraíocht is fostóir. Díríonn an Coimisiún go príomha ar an gceist maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an cur síos ar an bpost agus an tsonraíocht faoin bpearsa a cheadú ag leibhéal sinsearach cuí.

Féachann sé freisin lena chinntiú (iv) nach bhfuil an tsonraíocht faoin bpearsa teorantach go míchuí agus nach gcuirtear iarrthóirí atá in ann dualgais an ról a chomhlíonadh as an áireamh léi.

Tríd is tríd, bhí an Coimisiún sásta go raibh Sealbhóirí Oifige sách cúramach nuair a bhí an ról á shainiú acu.

ii. Critéir Roghnúcháin

Aithníonn an Coimisiún go mbíonn sé dúshlánach meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí de réir gach ceann de na gnéithe difriúla den tsonraíocht faoin bpost agus faoin bpearsa. Ní mór don bhord roghnúcháin bheith in ann díriú ar an dóigh ar thaispeáin na hiarrthóirí a n-inniúlachtaí i roinnt critéar tábhachtach, go háirithe nuair a bhíonn sé ag gearrliostú daoine ó líon mór iarrthóirí. É sin ráite, tá an Coimisiún ag súil leis go mbíonn na critéir ghearrliostaithe sách soiléir agus go dtugtar leo modh láidir chun idirdhealú a dhéanamh idir na hiarrthóirí sin lena mbaineann an dóchúlacht is mó go n-éireodh leo sa ról agus na hiarrthóirí sin nach bhfuil chomh hoiriúnach céanna dó.

Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na critéir roghnúcháin a úsáidtear i gcéim an ghearrliostaithe, sheiceáil an Coimisiún go raibh na critéir ag teacht le príomhghnéithe den chur síos ar an bpost agus den tsonraíocht faoin bpearsa.

Bhí an Coimisiún ag súil leis go n-ullmhódh an eagraíocht is earcaitheoir dréachtchritéir agus go gcuirfeadh sí na dréachtchritéir sin faoi bhráid an bhoird roghnúcháin. Aithníonn sé go ndéanfaidh an bord roghnúcháin, i gcásanna áirithe, roinnt coigeartuithe ar na critéir sin tar éis dó réamhdhíospóireacht a dhéanamh ar éilimh an ról.

Creideann an Coimisiún go láidir go bhfreastalaítear ar leas an phobail ar an mbealach is fearr sna cásanna sin ina gcuireann earcaitheoirí critéir i bhfeidhm atá cothrom agus oibiachtúil agus lena gcumasaítear dóibh na hiarrthóirí is fearr a roghnú ón mbuíon is leithne is féidir.

Den chuid ba mhó, bhí an Coimisiún sásta leis an dóigh ar ullmhaigh Sealbhóirí Oifige na critéir ghearrliostaithe agus leis an dóigh ar chuir siad na critéir sin i bhfeidhm. Mar sin féin, bhí cúis aige le bheith míshásta le Sealbhóirí Oifige amháin toisc gur chinn ceann amháin dá bhoird roghnúcháin neamhaird a thabhairt ar ghné lárnach de na critéir ghearrliostaithe maidir leis an tsonraíocht fhoilsithe faoin bpearsa. Sa chás sin, chinn an bord roghnúcháin critéir dá chuid féin a chur i bhfeidhm.

iii. Ballraíocht den Bhord Roghnúcháin

Mar gheall ar an bhfreagracht shuntasach atá ar an mbord roghnúcháin, tá sé ríthábhachtach go mbíonn Sealbhóirí Oifige cúramach agus iad ag roghnú daoine aonair ag a bhfuil an t-eolas agus an taithí a theastaíonn, agus ina bhfuil an breithiúnas a theastaíonn, chun meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí ar an ról.

Agus scrúdú á dhéanamh aige ar an mballraíocht den bhord roghnúcháin, rinne an Coimisiún scrúdú ar na bearta a rinneadh chun a chinntiú go raibh an cúlra cuí ag an mbord ina iomláine, lenar áiríodh aon cháilíochtaí ábhartha chun tástáil agus meastóireacht a dhéanamh ar na réimsí eolais agus scileanna a theastaíonn don ról.

iv. Baint a Bhainistiú idir Baill den Bhord agus Iarrthóirí:-

Glacann an Coimisiún leis go mbíonn sé an-deacair baint a sheachaint idir baill den bhord agus iarrthóirí, go háirithe maidir le ról shinsearacha agus/nó ról speisialaithe inar gnách go mbíonn buíon theoranta ball boird atá sách saineolach ar fáil. In ionad iarracht a dhéanamh cásanna den sórt sin a sheachaint, féachann an Coimisiún ar na bearta atá déanta ag an Sealbhóir Oifige chun na cora sin a bhainistiú.

Seachas na treoracha ginearálta maidir le caitheamh le gach iarrthóir ar bhealach cothrom comhsheasmhach agus meastóireacht a dhéanamh orthu bunaithe ar an bhfianaise a chuirtear i láthair le linn an phróisis cheapacháin, tá an Coimisiún ag súil leis go dtabharfaidh an Sealbhóir Oifige treoir do bhaill dá bhord roghnúcháin a chur in iúl dá gcomhghleacaithe ar an mbord cé hiad na hiarrthóirí a bhfuil aithne acu orthu. Cé go gcuirfidh an bord na hiarrthóirí uile faoi agallamh ar bhealach comhsheasmhach, beidh na baill den bhord a bhfuil aithne acu ar an iarrthóir ar na daoine deiridh chun tuairim a thabhairt ar fheidhmíocht an iarrthóra sin san agallamh. Féachann an Coimisiún freisin ar cé acu a coinníodh nó nár coinníodh taifead ceart ar an nós imeachta sin sa treoir agallaimh a eisíodh do na Baill den Bhord agus gur tagraíodh dó sa chruinniú faisnéise réamhagallaimh.

I gcásanna áirithe, áfach, mhol an Coimisiún do Shealbhóirí Oifige breithniú a dhéanamh ar sceideal a choimeád ina leagtar amach cé hiad na baill den bhord a dhearbhaigh go raibh aithne acu ar iarrthóir ar leith agus ina ndeimhnítear gur leanadh an prótacal caighdeánach dá dtagraítear ina Threoir Agallaimh.

v. An Próiseas Roghnúcháin

Tá an Coimisiún ag súil leis go ndéanfaidh an Eagraíocht is Earcaitheoir an próiseas ceapacháin a phleanáil roimh ré. Ba cheart aird a thabhairt sa phleanáil sin ar an líon iarrthóirí ar dóigh dóibh iarratas a dhéanamh ar an bpost agus ar an gceist maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh céim réamhscagtha nó gearrliostaithe ag teastáil.

Sa chás go n-úsáidfear gearrliostú, tá an Coimisiún ag súil leis go ndéanfaidh an Eagraíocht is Earcaitheoir breithniú ar an mbealach a chumasóidh sé di meastóireacht chothrom chomhsheasmhach a dhéanamh ar iarrthóirí. Cé gur minic a iarrtar ar iarrthóirí CV a chur isteach chun tacú lena bhfoirm iarratais, baineann a lán earcaitheoirí sa tSeirbhís Phoiblí leas as foirm iarratais struchtúrtha freisin ina n-iarrtar ar iarrthóirí aird a tharraingt ar shamplaí de chásanna inar chomhlíon siad na príomhchritéir ina ngairm go dtí seo. Thug Comhlachtaí is Earcaitheoirí fógra don Choimisiún go rialta go seoltar iarratais amach chuig an mbord roghnúcháin roinnt laethanta roimh an gcruinniú gearrliostaithe agus go mbíonn an tsonraíocht faoin bpost agus faoin bpearsa, critéir ghearrliostaithe agus faisnéis faoi conas a thabharfar faoin bpróiseas roghnúcháin ag gabháil leis na hiarratais sin. Tuigeann

an Coimisiún go n-iarrtar ar Bhaill den Bhord Roghnúcháin staidéar a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais roimh ré ionas go mbeidh siad ullamh don chruinniú gearrliostaithe.

Tuigeann an Coimisiún freisin, sa chás gur cuireadh na hiarratais ar fáil do na baill den bhord gearrliostaithe agus go ndearna siad staidéar orthu roimh an gcruinniú gearrliostaithe, gur minic is féidir leo iarrthóirí a scaradh go measartha tapa ina gcatagóirí amhail “na hiarrthóirí lena mbaineann an dóchúlacht is mó go mbainfidís caighdeán iomaíoch amach san agallamh”; “na hiarrthóirí lena mbaineann an dóchúlacht is lú go mbainfidís caighdeán iomaíoch amach san agallamh”; agus “na hiarrthóirí ar fiú tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu”. Tuigeann sé freisin go mbíonn an díospóireacht ag na cruinnithe gearrliostaithe dírithe ar na hiarratais sin sa tríú catagóir sin.

Mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar na hiarratais ó iarrthóirí sa tríú catagóir, beidh ar bhaill den bhord roghnúcháin measúnú a dhéanamh ar iarratais nach raibh siad go léir ar aon tuairim ina leith ina n-athbhreithniú tosaigh.

In ainneoin na catagóire ina bhfuil an t-iarrthóir ainmnithe, measann an Coimisiún go dtuilleann iarrthóirí meastóireacht cheart a fháil ar a n-iarratas mar gheall ar an am a chaith siad ar iarratas a ullmhú agus a chur isteach. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart aiseolas soiléir úsáideach a chur ar fáil do gach iarrthóir, aiseolas ina léirítear go ndearna an bord meastóireacht ar a n-iarratas agus ina léirítear cén ceann de na critéir nár fheidhmigh an t-iarrthóir chomh maith agus a d’fheidhmigh na hiarrthóirí sin ar tugadh cuireadh dóibh dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas ceapacháin iontu. Ar aon dul le nóta ar leith maidir le haiseolas, tá an Coimisiún ag súil leis go gcuirfidh Sealbhóirí Oifige aiseolas ar fáil ina mínítear an cinneadh a rinneadh i bpróiseas ceapacháin. Ní cheanglaítear ar an Sealbhóir Oifige comhairle forbartha gairme a thabhairt, áfach.

Mar fhocal scoir, glacann an Coimisiún leis nach léireoidh an líon iarrthóirí ar tugadh cuireadh dóibh agallamh a dhéanamh feidhmíocht na n-iarrthóirí i dtaca leis na critéir amháin agus go léireoidh sé freisin láidreacht fhoriomlán na buíne iarrthóirí. Toisc go mbíonn gearrliostú ina phróiseas iomaíoch go minic, tuigeann an Coimisiún nach gcuirfeadh iarratais i gcomparáid leis na critéir roghnúcháin amháin agus go dtomhaisfeadh iad in aghaidh iarratas ó iarrthóirí eile freisin.

vi. Scéim Mharcála

Glacann an Coimisiún leis go mbíonn sé dúshlánach tomhais bheachta eimpíreacha a chur i bhfeidhm agus meastóireacht á déanamh ar iarratas scríofa ó iarrthóir. Measann sé, áfach, gur féidir scéim mharcála a úsáid chun cabhrú lena thaispeánt d’iarrthóirí conas a rinne an bord roghnúcháin meastóireacht a dhéanamh ar a n-iarratas agus chun cabhrú le boird roghnúcháin a spreagadh ardleibhéal smachta agus déine a chur i bhfeidhm le linn dóibh meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí.

CEADÚNÚ

Tá an Coimisiún freagrach as ceadúnais earcaíochta a dheonú do chomhlachtaí áirithe seirbhíse poiblí ar mian leo tabhairt faoina n-earcaíocht féin. Féadfar ceadúnais earcaíochta a dheonú i leith gach poist sa chomhlacht poiblí (ceadúnas ginearálta) nó i leith post ar leith amháin nó níos mó (saincheadúnas).

Ní mór iarratas ar cheadúnas earcaíochta a dhéanamh chuig an gCoimisiún, iarratas ina gceanglaítear ar an sealbhóir oifige an inniúlacht atá aige an próiseas roghnúcháin a réachtáil de réir chód cleachtais an Choimisiúin a léiriú. Bíonn an Coimisiún ar fáil chun comhairle chuí nó cúnaimh cuí a chur ar fáil le linn an phróisis iarratais.

Tá téarmaí agus coinníollacha ar leith ag gabháil le gach ceadúnais, nithe nach mór don sealbhóir ceadúnais cloí go docht leo. Is tríd an bhfeidhm iniúchóireachta atá aige a dhéanann an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh téarmaí agus choinníollacha an cheadúnais earcaíochta. Cé nach bhfuil teorainn ama ann le ceadúnas earcaíochta, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún ceadúnas a fhoirceannadh i gcásanna áirithe. Níor baineadh leas as an gcumhacht sin go dtí seo.

Le linn na bliana 2016, dheonaigh an Coimisiún ceadúnas ginearálta earcaíochta dóibh seo a leanas:-

- [An tÚdarás Póilíneachta](#)
- [Údarás Uchtála na hÉireann](#)
- [An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige](#)

Bhí 34 cheadúnas earcaíochta deonaithe ag an gCoimisiún do Shealbhóirí Oifige suas go deireadh na bliana 2016 – áirítear leis an bhfigiúr sin ceadúnais ghinearálta agus saincheadúnais araon. Is ag Sealbhóirí Oifige áirithe atá an dá chineál ceadúnais earcaíochta.

POIST EISIATA

Faoi Alt 8 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, tugtar de chumhacht don Choimisiún poist neamhbhunaithe sa Státseirbhís a eisiamh, le hOrdú, ó fheidhmiú an Achta.

Agus é ag comhaontú na poist sin a eisiamh óna shainchúram, ceanglaíonn an Coimisiún ar an Oifig Státseirbhíse nó ar an Roinn Státseirbhíse cloí le treoirínite ina leagtar amach cineál na bpost a bheidh eisiata agus an fad ama ina mbeidh feidhm ag an eisiadh sin.

Leagtar amach i dTábla 1 na príomhchatagóirí ceapacháin dá ndearnadh Orduithe den sórt sin nó dár fadaíodh Orduithe den sórt sin sa bhliain 2016.

Tábla 1: Orduithe a Rinneadh sa Bhliain 2016	
Catagóir	Líon na nOrduithe
Cláir shocrúcháin mhac léinn/chéimithe (intéirneachtaí san áireamh)	25
Tionscadail WAM (sintí san áireamh)	19
Foireann phríobháideach na nAirí	32
Ceapacháin ina raibh saincileanna ag teastáil ar feadh tréimhsí a raibh teorainn ama leo	10
Baill foirne ar scor a fhostú (saincileanna)	1
Iomlán	87

Is le cineál sonrath poist nó gráid sa Státseirbhís a bhaineann gach Ordú. Toisc go bhféadfadh gur ceapadh níos mó ná duine amháin chuig an bpost nó chuig an ngrád atá i gceist, ní hionann líon na n-orduithe a deonaíodh agus líon na ndaoine a ceapadh.

I gcás Ordú a bhaineann le Foireann Phríobháideach na nAirí, foráiltear le coinníollacha seirbhíse na gceapaithe go scoirfeadh dá bpost nuair a fhágfaidh an Rialtas nó an tAire an oifig.

Deonaíodh 44 Ordú chun tacú le tionscnaimh ghearrthéarmacha shonracha, i.e. cláir shocrúcháin mhac léinn agus tionscadail WAM (Willing Able Mentoring). Ba leis na 11 Ordú eile a cumasaíodh baill foirne a cheapadh chuig ceapacháin ghearrthéarmacha i gcásanna nach raibh sách ama iontu próiseas roghnúcháin oscailte iomaíoch a réachtáil.

COMHALTAÍ NA RÚNAÍOCHTA



Andrew Patterson, Runaí don Comisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí,
Maire Ni Fhiachain, Príomhoide Cúnta,
Amanda Duffy, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin and
Anthony Shannopn, Oifigeach Feidhmiúcháin

ARNA FHOILSIÚ SA BHLIAIN 2013 AG
AN COIMISIÚN UM CHEAPACHÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ
18 SRÁID LEESON ÍOCHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 2

TEIL: (01) 639 5750
RPHOST: INFO@CPSA.IE
SUÍOMH: WWW.CPSA.IE

arna dearadh ag **CATALYSTO**^o